BHUEL! AIBREÁN / MÍ NA RIABHÓIGE 2014

EAGARTHÓIR:NUALA DE BÚRCA

© IONAD NA GAEILGE LABHARTHA

Níor chaill fear an mhisnigh riamh é!

Chuaigh an t-eagarthóir chun cainte le hÉamonn Ó Riain le déanaí.

Tá Éamonn Ó Riain sáite san iomáint agus sa chaid ó bhí sé ina leaid óg. Tá an méid sin bainte amach aige i ngach spórt gaelach, ag gach leibhéal mar imreoir agus mar bhainisteoir gur deacair cur síos ceart a dhéanamh air. D'imir sé iomáint lena chlub féin i gCnocán na Biolraí, leis na Sáirséalaigh agus don Mhainistir Thuaidh, scoil mhór iomána, gan amhras. D'imir sé caid le Gleann Maghair ar dtús, le Gleann an Phréacháin agus nuair a d'fhreastail sé ar an scoil oiliúna, Coláiste Íosagáin i mBaile Bhuirne. Lean sé air mar seo nuair a d'aimsigh sé scoláireacht chun freastal ar Choláiste Phádraig, Droim Conrach sa bhliain 1959. D'imríodh é féin agus leaid eile caid in aonacht leis an iomáint. Bhíodh sé "ar neamh" mar a deir sé, agus dhá chluiche le himirt aige ar an nDomhnach: cluiche caide de chuid Erin's Hope ar maidin is cluiche iomána um thráthnóna. Cad eile a bheadh ó fhear mór spóirt is é ar an gcoláiste ach a leithéid de shaol!

Spreag imreoirí ar nós Éamonn Young (Corcaigh) agus beirt an Chabháin, Tony Tighe agus Victor Sherlock é ó thaobh na caide de agus gan amhras, Christy Ring ó thaobh na hiomána de. Bhíodh an-suim aige sa dá spórt agus bhíodh sé á gcleachtadh gan stad. Níor dhein san aon díobháil dó, go háirithe i gCraobh na Mumhan i 1966 nuair a bhuaigh Corcaigh ar an Ríocht sa chaid i gCill Airne agus gan éinne ag súil leis, toisc go raibh ocht gCraobh na Mumhan buaite ag Ciarraí as a chéile ó 1958 - 1965. Ba é sin an lá ba bhródúla a bhí ag Éamonn is léine spóirt Chorcaí á chaitheamh aige. D'éirigh leis agus le Corcaigh sa chluiche céanna an bhliain dár gcionn, chomh maith.

Ar lean.

Éamonn Ó Riain agus foireann ban Chorcaí. **Grianghraf: © Sportsfile.com**

Tá ardmheas go deo ag Éamonn ar imreoirí an lae inniu. Tá na scileanna céanna acu ó thaobh na caide de ach táid i bhfad níos tapúla is níos aclaí ná na himreoirí a bhíodh ann lena linnsean mar is cluiche níos tapúla é agus bíonn níos mó brú ar imreoirí, dá bharr. Tuigeann sé nach n-aontódh gach éinne leis sa mhéid san, ach dar leis, nuair a phreabann an liathróid i gcluiche an lae inniu, seachas beirt a bheith thart timpeall ar imreoir éigin, bíonn seachtar nó ochtar i gceist!

Thosnaigh sé amach mar bhainisteoir i gColáiste Phádraig. Ba imreoir agus bainisteoir é le Cnocán na Biolraí agus le Gleann an Phréacháin agus is iomaí craobh an chontae a bhuadar san iomáint agus sa chaid ag an leibhéal sóisearach. Ba phríomhoide é i gCnocán na Biolraí agus bhí sé ina thraenálaí ar na foirne éagsúla ar feadh na mblianta. Ní haon dóichín é thart ar fhiche Sciath na Scol a bhuachaint! Is iad na cuimhní is fearr atá aige ar a laethanta sa scoil úd ná na cluichí Sciath na Scol.

Ó thaobh Chorcaí de, bhí sé mar bhainisteoir ar an bhfoireann shinsir a bhuaigh Craobh na Mumhan sa chaid sa bhliain 1983. Bhí sé mar bhainisteoir ar na mionúir, leis, a bhuaigh dhá Chraobh na hÉireann i 1991 agus 1993 agus trí Chraobh na Mumhan i 1991,1992 agus 1993. Ba bhainisteoir é ar roinnt foirne camógaíochta i gCnocán na Biolraí agus is iomaí craobh a bhuadar, chomh maith. Ba bhainisteoir é ar Na Piarsaigh, leis, agus bhuadar craobh an chontae den chéad uair riamh sa bhliain 1990, is aríst sa bhliain 1995. Bhí sé mar roghnóir nuair a bhuadar aríst é sa bhliain 2004. Tá cónaí air i mBéal Átha an Ghaorthaidh anois agus bhí sé mar bhainisteoir ar an bhfoireann chaide idirmheánach ansan a bhuaigh craobh an chontae sa bhliain 2006. Níl aon teora leis an mbainisteoir seo, dar ndóin.

Is mó an cháil atá ar Éamonn sa lá atá inniu ann mar bhainisteoir ar fhoireann ban Chorcaí agus ná fuil an cháil san tuillte go maith aige! Tá ocht gCraobh na hÉireann buaite acu le naoi mbliana agus seacht Sraith, chomh maith, ó thosnaigh Éamonn ag plé leo i 2004. Is dócha nach dtuigeann muintir na hÉireann cé chomh maith is atá an fhoireann seo agus is mór an trua é nach dtacaíonn níos mó daoine, go háirithe, mná, leis na foirne ban.

Tá cur chuige iontach ag an bhfoireann seo. Táid an-phroifisiúnta agus an t-aon difríocht idir na mná agus na fir ná go bhfuil na fir níos mó agus níos láidre, dar leis. Níor thuig Éamonn gur ghrúpa speisialta a bhí ann nuair a thosnaigh sé ag obair leo an chéad lá ach thuig sé go maith é, roimh i bhfad mar bhíodar sásta pé rud ba ghá a dhéanamh chun na spriocanna a bhí acu a bhaint amach. Níor chuala sé riamh ag gearán iad. Is daoine stuama iad agus tuigeann siad nach n-éireoidh leo i gcónaí.

Baineann Éamonn an-taitneamh as a bheith ag obair leo agus tá ardmheas aige orthu mar dhaoine. Bíonn siad ag traenáil is ag staidéar nó ag obair ag an am gcéanna. Leanann siad orthu, fiú amháin, nuair atá an-chuid bainte amach acu cheana féin. Ní bhíonn aon laghdú ar an méid traenála a bhíonn ar bun acu mar teastaíonn uathu féin a bheith chomh maith is gur féidir leo agus a spriocanna a bhaint amach.

Conas a spreagann Éamonn gach foireann a mbíonn baint aige leo agus go háirithe an scata ban sin? Measann Éamonn ná fuil aon rún aige chuige san ach a bheith eagraithe is gach seisiún traenála a phleanáil chomh maith agus is féidir. Dar le hÉamonn, caithfidh tuiscint a bheith agat go mbeidh tú thíos seal thuas seal agus má thuigeann tú é sin, ní bheidh an méid sin díomá ort agus leanfaidh tú ort. Tuigeann sé go ndeineann sé féin botúin agus go ndéanfaidh sé amhlaidh amach anso agus glacann sé leis sin. Is léir go bhfuil an dearcadh ceart ag an mbainisteoir seo. Ní bhíonn saoi gan locht!

Molann sé na foirne ban eile atá tagaithe chun tosaigh le roinnt blianta. Is rud nadúrtha é sin agus is rud maith é, chomh maith. Measann sé go mbeidh Muineachán, Baile Átha Cliath agus Ciarraí chun tosaigh i mbliana. Tá foireann Chorcaí idir eatarthu i mbliana mar tá an fhoireann ag athrú le roinnt imreoirí ag éirí as. Measann sé go mbeidh an bua ag Corcaigh nó Baile Átha Cliath sa chaid ó thaobh na bhfear de.

Bhain Éamonn céim amach sna hEalaíona in UCC istoíche. Theastaigh uaidh céim a bhaint amach mar ní raibh céim i gceist le hoiliúint bhunmhúinteoireachta an uair san. An Ghaolainn agus an Spáinnis a bhí idir lámha aige. Bhí an-saol go deo aige mar d'éirigh leis imirt leis na sinsir in UCC agus leis na sóisir lena chlub fhéin, Cnocán na Biolraí. D'éirigh leo dhá Chorn Sigerson a bhaint amach i 1966 agus 1967. Ba chaptaen é ar fhoireann UCC sa bhliain 1967 nuair a shroicheadar craobh an chontae. D'imir sé ar fhoireann na Mumhan i gCorn an Bhóthair

Iarainn, leis, sna blianta céanna.

Measann sé go bhfuil ná háiseanna spóirt in UCC thar barr ar fad agus baineann sé an-súp as modúl atá mar chuid den chúrsa Spóirt agus Corpoideachas a mhúineadh. Is teagascóir Gaolainne é anso, leis, agus baineann sé an-súp as na ranganna san, leis. Tá sé de phribhléid againn anso in UCC go bhfuil a leithéid ag múineadh in aonacht linn. Spreagann sé na mic léinn agus tá an-tuiscint go deo aige orthu.

Tá suim faoi leith aige i dteangacha, sa Laidin, sa Ghaolainn, gan dabht, agus bíonn deis aige a chuid Spáinnise a chleachtadh nuair a théann sé ar a chuid laethanta saoire. Ní dóigh liom féin go raibh seans aige dul chun na Spáinne i rith an tsamhraidh le deich mbliana anuas agus ní bheidh seans aige an samhradh seo, ach an oiread, le cúnamh Dé! Nár laga Dia thú, a Éamoinn!

An tEarrach

Tá áthas orainn go bhfuil an tEarrach buailte linn agus comharthaí an nádúir ag fás timpeall orainn, tá bachlóga na mbláthanna ag gobadh amach le tamall anuas anois agus is rian deas álainn é sin. Ní hionann sin is a rá go bhfuil aimsir bhog, bhrothallach againn, bhuail seal garbh go leor linn tamall ó shin agus bhí sceon an diabhail ar na daoine roimh thuilte agus stoirmeacha, go háirithe na teaghlaigh atá ag maireachtaint cóngarach don chósta. Bhí eagla orainn nuair a bhí gá le taisteal mar bhraithfeá an gluaisteán ag luascadh agus ag bogadh sa ghaoth, go háirithe i ndúichí arda ar fud na tíre. Muna mbeadh an ghaoth láidir nó an bháisteach throm ann, ní chuirfeadh sé isteach orainn maidir le coisíocht mar is deas bheith amuigh faoin spéir an t-am seo den bhliain. Seo mar a scríobh Seán Ó Ríordáin faoi Oileán Bharra Naofa sa dán "Oileán agus Oileán Eile". Chuir sé siúlóid faoin dtuath álainn sin i gcuimhne dhom nuair a léigh mé é.

> Tráthnóna ceathach sa Ghuagán,
> Ceo ag creimeadh faille,
> Do chuardaíos comhartha ar oileán,
> Do fuaireas é i gcrannaibh.

Eilís Uí Bhriain

Corn Sigerson Eile!

Comhghairdeachas ó chroí le foireann chaide shinsir UCC, leis an mbainisteoir, Billy Morgan agus leis an bhfoireann traenála ar fad, as an aonú Corn Sigerson is fiche a bhuachaint ar son na hollscoile! UCC abú!

Comórtas

Cum teideal nó rann a bheadh in oiriúint don ghrianghraf thíos:

€30 an duais!
Seol do fhreagra chugam ag n.deburca@ucc.ie faoin 9 Bealtaine.

Taispeántas Ealaíne

'Mothú Áite' sa tSeomra Caidrimh

Gaeilgeoirí Cois Laoi

Óstán Chlarion gach re Luan ar 8pm

http://www.gaeil-laoi.com/

Nuala Ní Dhomhnaill

Cuirfidh Nuala Ní Dhomhnaill a cuid filíochta i láthair Dé Luain 28 Aibreán sa tSeomra Caidrimh ar 5pm.

Eagarfhocal

Más mian le héinne píosa eolais, alt, scéilín nó dán a scríobh don chéad eagrán eile seol ríomhphost chugam ag n.deburca@ucc.ie

Scéal nó Dhó ó Chrosaire an Tuirnéara

Tá tús geal curtha le Sraith na hÉireann agus níl éinne níos sásta ná tacadóirí Chumann Peile Chathair Chorcaí. I ndiaidh dhá shéasúr as a chéile inár chríochnaigh an club sa séú háit, déanfar iarracht is fiche é sin a shárú i mbliana. Tá ré úr tosnaithe le John Caulfield mar bhainisteoir nua. Tá cáil mhór ar Chaulfield sa Chrosaire. D'imir sé mar thosaí le Cathair Chorcaí agus tá an churiarracht le haghaidh líon na gcluichí is mó fós aige. Tá aithne againn air anso in UCC, freisin, ós rud é go raibh sé ina bhainisteoir ar fhoireann sacair an choláiste. An sprioc a bheidh ag Cathair Chorcaí i mbliana ná an ceathrú háit nó áit níos fearr a bhaint amach, i dteannta le dea-thoradh sna coirn. Is iontach a tús atá curtha ag CCFC leis an tSraith. Tá sé chluiche imeartha. Tá siad sa dara háit le ceithre phointe dhéag agus bua iontach san áireamh, 3-0, in aghaidh Ruagairí na Seamróige sa bhaile.

Rogha an phobail sa tSraith, áfach, ná Cumann Naomh Pádraig. Do bhuadar anuraidh í agus níl aon amhras ach go bhfuil foireann láidir acu i mbliana, chomh maith. Ní hiad na comórtais intíre amháin lena mbeidh siad ag tnúth, seans go mbeidh siad ar cheann de na foirne is fearr san Eoraip i rith an tsamhraidh, má éiríonn go maith leo i Sraith na gCuradh.

Beidh roinnt foirne eile sa tóir ar Chumann Naomh Pádraig. Tá Ruagairí na Seamróige tar éis airgead mór a chaitheamh arís i mbliana. Níor mhaith an dá shéasúr dheireanacha a bhí ag an gclub a shroich na grúpaí stáitse den tSraith Europa i 2011. Ní bheidh na Ruagairí eile, ó Shligeach, i bhfad chun deiridh, ach an oiread. Ba sheaimpíní na sraithe 2012 agus an Choirn FAI anuraidh iad. Beidh fonn orthu corn amháin a thabhairt ar ais go Cúige Chonnacht i mbliana agus b'fhéidir an dá chorn! Tá siad ag bun na sraithe go dtí seo ach beidh siad ag dul i bhfeabhas i rith na sraithe, is dócha. Beidh siad ag imirt i gcluiche ceannais i mí na Bealtaine agus beidh seans acu Corn Setanta Sports a bhuachaint. Beidh sé suimiúil súil a choimeád ar Dhún Dealgan an séasúr seo, chomh maith. Do léimeadar ó bhun na sraithe i 2012 go dtí an dara háit anuraidh agus táid ar bharr na sraithe faoi láthair. An mbeidh siad fós ann i Mí Dheireadh Fómhair? Neosfaidh an aimsir!

Beidh ocht bhfoireann ag troid le haghaidh ardú céime go dtí an Chéad Roinn. Do bhí Baile Longfoirt an-chóngarach le dhá bhliain anuas – beidh siad ag súil le toradh níos fearr lena dtríú hiarracht. Tá Síol Broin ag barr na sraithe i láthair na huaire ach d'fhéadfadh aon fhoireann í a bhuachaint agus sraith chomh beag san i gceist, i ndáiríre.

Is léir gur séasúr geal atá ós ár gcomhair. Níl aon chluiche níos fearr ná cluiche beo agus beidh céad míle fáilte i gcónaí roimh gach éinne chuig Crosaire an Tuirnéara agus staideanna eile na tíre.

Foirne na Príomhroinne 2014:

Cathair Chorcaí	Cumann Naomh Pádraig
Droichead Átha Aontaithe	Dún Dealgan
Cathair Luimnigh	Fánaithe Bhré
UCD	Na Boihéimigh
Ruagairí na Seamróige	Cathair Dhoire
Ruagairí Shligigh	Baile Átha Luain

Foirne na Chéad Roinne 2014:

Gaillimh Aontaithe	Baile Longfoirt Cláirsí
na Finne	Port Láirge Aontaithe
Síol Broin	Ógánaigh Loch Garman
Fánaithe an Chóibh	Ruagairí na Seamróige B

Pól de Barra

Reachtaire an Chumainn Drámaíochta

Ainm? Cáit Ní Éalaithe **Aois?** 20

Cad as duit? An Bhlárna, Corcaigh

Cén cúrsa atá ar siúl agat? Ceol le Gaeilge

Bliain sa choláiste: An tríú bliain

An rud is fearr mar gheall ar UCC? Na cumainn!

Ainm do pheataí? Ninja agus Willow

An boladh is fearr: Fanaile **An ghiuirléid is fearr**: An ipod

An focal Gaeilge is fearr leat? Uafásach! **An Ghaeltacht is fearr:** Corca Dhuibhne

Des Bishop nó Daithí Ó Sé? Des Bishop **R na G nó Raidió Rí-Rá?** Raidió Rí-Rá

www.focal.ie nó www.focloir.ie? www.focal.ie

An iomáint nó an pheil ghaelach? An pheil ghaelach

An rud is fearr mar gheall ar chultúr na hÉireann: An teanga agus na daoine

An dráma is fearr? Hamlet **An scannán is fearr?** Inception

An t-aisteoir is fearr in Éirinn? Cillian Ryan

An amharclann is fearr in Éirinn? Amharclann na Mainistreach

An t-aisteoir is fearr ar domhan? Robert de Niro

Cén fáth gur chuir tú isteach ar an bpost mar reachtaire? Táim tiomnaithe don Ghaeilge agus don aisteoireacht. Tá suim ollmhór agam iontu. Ba mhaith liom daoine a spreagadh chun níos mó Gaeilge a labhairt agus chun a bheith cruthaitheach trí mheán na Gaeilge.

Cad é do mheas ar shaol na Gaeilge sa choláiste? Tá sé maith go leor, is iomaí rang atá ar fáil sa Ghaeilge ach fós ní minic a chloisfeá an teanga á labhairt timpeall na háite. Tá an-chuid áiseanna agus deiseanna ag daoine chun na Gaeilge a fhoghlaim agus a chleachtadh anseo, áfach.

Cad é do mheas ar shaol na drámaíochta sa choláiste? Tá saol na drámaíochta go maith anseo. Tá an t-ádh linn mar bíonn an-chuid daoine cruthaitheacha ag scríobh, ag stiúradh agus ag léiriú drámaí iontacha san ollscoil. Tá fuílleach tallainne anseo!

Marc as 10 d'Amharclann na Gráinsí: 8/10

Facebook: An Cumann Drámaíochta UCC

Áras Uí Thuama 2014/15

Ionad Cónaithe Gaeilge, Gaeltacht UCC
Scoláireachtaí €500
Dáta deireanach do mhic léinn UCC: 2 Bealtaine 2014
☎ 021 – 4902314

'Beatha teanga í a labhairt' mar a deirtear. Tá an t-ádh linn go bhfuil Ionad Cónaithe Gaeilge againn, darb ainm Áras Uí Thuama, ar champas. Níl sé ach cúig neomat ón ollscoil agus timpeall deich neomat ón gcathair. Cruthaíonn Ionad na Gaeilge Labhartha timpeallacht ina mbíonn mic léinn compórdach An Ghaeilge a labhairt go nádúrtha. Tugtar 'Gaeltacht na hOllscoile' ar an Ionad Cónaithe Gaeilge. Má tá grá agat don teanga agus má tá tú díograiseach ó thaobh labhairt na Gaeilge de, cuir isteach ar Áras Uí Thuama.

Chuir Rachel Ní Aodha agallamh ar bheirt mhac léinn, Hannah Ní Shíthigh agus Méabh Ní Bhriain, a d'fhan ann:

Cén tionchar a bhí ag Áras Uí Thuama ar bhur gcuid Gaeilge?

Hannah: "Bhí meon dearfach ag daoine eile ann agus thug sé an-spreagadh dom An Ghaeilge a labhairt."

Méabh: "D'fhoghlaim mé conas Gaeilge nádúrtha a labhairt agus tháinig feabhas ollmhór ar mo chuid Gaeilge."

An raibh caidreamh láidir idir Ionad na Gaeilge Labhartha agus sibh féin?

Hannah: "D'eagraíomar ócáidí le chéile. Chuaigh gach duine ag bábháil le Claire agus Nuala ón Ionad, mar shampla agus bhí seans againn labhairt le chéile."

Méabh: "Bhí teagmháil againn le triúr eagarthóirí ón Ionad – Nuala, Claire agus Pól. Bhí Ionad na Gaeilge Labhartha mar thacaíocht dúinn agus bhíodar ann dúinn pé uair a raibh rud éigin ag teastáil uainn."

Ar bhain sibh taitneamh as an dtaithí agus an molfadh sibh Áras Uí Thuama do mhic léinn eile?

Hannah: "Do bhain. Bhí sé an-suimiúil a bheith i dtimpeallacht chónaithe Ghaeilge cosúil le hÁras Uí Thuama. Do mholfainn d'éinne é a bhfuil suim acu sa teanga agus d'éinne a bhfuil suim acu feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge labhartha."

Méabh: "Bhaineas an-sult as! Rinne mé cairde nua agus bhíos an-sásta ina gcomhluadar agus mé i bhfad ó bhaile. Is lóistín den chéad scoth é. Tiocfaidh feabhas ar do chuid Gaeilge agus ar do shaol sóisialta. Mholfainn d'éinne é, is cuma muna bhfuil tú líofa, ach caithfidh fonn labhartha a bheith ort agus grá don teanga a bheith agat."

Buail isteach go dtí an oifig atá ag Ionad na Gaeilge Labhartha in Áras Uí Rathaille nó féach ar a suíomh idirlín, http://www.ucc.ie/igl/IGL/ , tabhair 'like' dá leathanach Facebook 'Ionad na Gaeilge Labhartha, UCC' nó seol ríomhphost chucu ag g.labh@ucc.ie.

Rachel Ní Aodha

ÁRAS UÍ THUAMA

Cleas Áras Uí Thuama ag baint súip as a bheith ag babhláil sa Mhairdíog le déanaí.

Suíomhanna Idirlín na Míosa

http://www.tg4.ie/ie/programmes/archive.html = Suíomh Sean Nóis TG4
http://www.clubleabhar.com/ = Caibidil as leabhair nua ar fáil
https://www.llas.ac.uk/materialsbank/mb049/index.htm = Cleachtaí gramadaí ríomhchuidithe
http://ec.europa.eu/translation/irish/irish_en.htm = Cúrsaí Gramadaí
http://glg.csisdmz.ul.ie/index.php?mobile_display=false = An Foclóir '*An Duinneach*'
http://www.aistear.ie/ = Cúrsaí Cruinnis

Comhghairdeachas libh!!

Comhghairdeachas ó chroí le cleas GA1121 a dhein cúrsa idirmheánach sa Nua-Ghaeilge. Go n-éirí go geal libh amach anso!

Mic léinn leighis MX1004 agus MX1007 ag baint súip as a bheith thiar le déanaí.